2025/2451

3.12.2025

CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA (CBES) 2025/2451

an 18 Samhain 2025

maidir le húdarú oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir a athdhearbhú (EUNAVFOR MED IRINI) (EUNAVFOR MED IRINI/5/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472 lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) don tréimhse go dtí an 31 Márta 2021.

(2) Le Cinneadh (CBES) 2020/472, foráiltear go bhfuil, d'ainneoin na tréimhse sin, údarú na hoibríochta le hathdhearbhú gach 4 mhí agus go bhfuil an Coiste Polaitiúil agus Slándála leis an oibríocht a fhadú mura bhfuil éifeacht tarraingthe ag imscaradh shócmhainní muirí na hoibríochta ar imirce ar bhonn fianaise chuí-réasúnaithe arna bailiú de réir na gcritéar a leagtar amach sa Phlean Oibríochta.

(3) An 11 Márta 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/488 ([2]) lenar cuireadh síneadh le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2027, faoi réir an nós imeachta athdhearbhúcháin chéanna.

(4) An 9 Iúil 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/1414 ([3]) lenar athdhearbhaíodh údarú EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 30 Samhain 2025.

(5) Sholáthair an Ceannasaí Oibríochta tuarascálacha míosúla maidir le tosca tarraingthe.

(6) Ba cheart údarú EUNAVFOR MED IRINI a athdhearbhú don 18[ú] fothréimhse 4 mhí dá sainordú agus ba cheart an oibríocht a fhadú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athdhearbhaítear leis seo údarú oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus déantar an oibríocht a fhadú ón 1 Nollaig 2025 go dtí an 31 Márta 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Samhain 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK

([1]) IO L 101, 1.4.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/472/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/488 ón gComhairle an 11 Márta 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L, 2025/488, 12.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/488/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2025/1414 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 9 Iúil 2025 maidir le húdarú oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir a athdhearbhú (EUNAVFOR MED IRINI) (EUNAVFOR MED IRINI/2/2025) (IO L, 2025/1414, 18.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1414/oj).